Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Plean Lóistíochta maidir le hathoscailt na scoile
Logistics Plan for Re-opening of the School

Bunphrionsabail *Underlying Principles*.

- Tá Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh tiomanta sábháilteacht, sláinte agus folláine ár gcomhphobal scoile– daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile a chinntiú . Chun é sin a dhéanamh tá an Plean Lóistíochta COVID-19 seo forbartha againn.
  Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh is committed to ensure the safety, health and well-being of all members of our school community – children, parents and staff. This plan has been formulated to better ensure that the school can exercise that duty of care.

- Ní féidir an riosca ionfhabhtaithe a sheachaint go huile is go hiomlán ach cuideoidh iarracht chomhchoiteann an chomhphobal scoile an riosca a íoslaghdú agus bac a chur ar scaipeadh an víris
  It is not possible to eliminate the risk of infection. However, with the co-operation of all members of our school community, it is possible to minimise the risk of the virus being introduced to school and the consequent risk of its spread.

- Beidh comhoibriú, solúbthacht agus dea-thoil ag teastáil chun an plean a chur I bhfeidhm
  As well as co-operation, the flexibility and goodwill of all will be required to ensure the plan can be implemented.

- Tá an plean lóistíochta seo bunaithe ar 'Plean Freagartha COVID-19 maidir le feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta ' eisithe ag an Roinn Oideachais Lúnasa 2021. Tá an doiciméad sin ar fáil ag: Plean-Freagartha-Covid-19-Lunasa-2021.pdf (scoiluidhalaigh.ie)
  This logistics plan is based on the 'COVID-19 Response Plan for the safe and sustainable operation of Primary and Special Schools' issued by the Department of Education in August 2021. This document is available at: Covid-Response-Plan-August-2021.pdf (scoiluidhalaigh.ie)

Socruithe *Arrangements*

- Fillfidh na páistí ar fad ar scoil agus beidh córas bolgáin i bhfeidhm
  All children return to school and classes operate within a bubble system.

- Roinnfear an scoil ina dá bholgán mar seo a leanas:
  The school will split into 2 groups as follows:

Bolgán A *Classes in Bubble A*	**Bolgán B** *Classes in Bubble B*
Naíonáin Shóisearacha: Iníon Uí Bheaglaoich	**Rang 1: Múinteoir Fionnuala**
Naíonáin Shóisearacha : Múinteoir Sorcha	**Rang 1: Múinteoir Gráinne**
Naíonáin Shinsearacha: Múinteoir Mairéad	**Rang 2: Múinteoir Cáit**
Naíonáin Shinsearacha: Múinteoir Éamon	**Rang 2: Múinteoir Bláthnaid**
Rang 5: Múinteoir Neasa	**Rang 3: Múinteoir Eibhlís**
Rang 5: Múinteoir Ciara	**Rang 3: Múinteoir Paula**
Rang 6: Múinteoir Colm	**Rang 4: Múinteoir Aoife**
Rang 6: Múinteoir Aoibhinn	**Rang 4: Múinteoir Laura**

- Taobh istigh de gach rang ó Rang 3-6 roinnfear na páistí i meithleacha agus coinneofar achar aon mhéadar ar a laghad idir na meithleacha.
  Within each class from 3rd to 6th, the children will be further divided into pods, with a minimum distance of 1 metre being maintained between pods.

- Cuirfear díghlarán lámh ar fáil ag gach bealach isteach sa scoil, gach seomra ranga agus seomraí oideachais speisialta
  Hand sanitizer will be available at all entry points to the school and in all class and support rooms.

- Beidh clúdach aghaidhe á gcaitheamh ag an bhfoireann scoile i gcónaí.
  School staff will wear face masks at all times.

- Scaradh Sóisialta: Meabhraítear do phobal uile na scoile na contúirtí a ghabhann le buaileadh le chéile i dtaobh scaipeadh Covid 19. Moltar go hard go mbeadh clúdach aghaidhe á gcaitheamh ag na tuismitheoirí nuair atá na páistí á bhfágáil ar scoil ar maidin agus á mbailiú um thráthnóna. Ní mór do thuismitheoirí imeacht a luaithe is a shiúlfaidh na páistí isteach ar shuíomh na scoile.
  Social distancing: The school community is reminded of the risk of spreading Covid 19 associated with people congregating. We ask parents wear a mask when they are

dropping and collecting their children. Once children enter the school grounds, parents should vacate the area.

- Is áiteanna contúirteacha iad an príomhbhóthair os comhair Gheataí 1-4 agus carr chlós an tséipéil. Ní mór páistí óga a thionlacan chuig an geata cuí.
  Parents should be mindful of the hazards outside school gates- primarily the main road to the front of the school at Gates 1-4 and the church car park to the rear of the school at Gate 5. Younger children in particular should be escorted to the relevant gate.

- Siúlfaidh na páistí isteach na geataí cuí agus díreach ar aghaidh chuig an seomra ranga áit a mbeidh an múinteoir ranga. Beidh baill foirne ag na geataí chun fáilte a chur roimh na páistí agus díghalrán lámh a chur orthu.
  All pupils will proceed directly to their classroom via the designated entry gates. Staff members will be present to meet the children at the various access points and to sanitise their hands.

- Ní mór do thuismitheoirí an Fhoirm Dearbhaithe Sláinte a chomhlánú ar Aladdin Connect i ndiaidh aon asláithreacht nó briseadh ón scoil.
  Following any absence or school break- parents must fill in the Health Declaration Form via Aladdin Connect.

Bealaí isteach agus amach *Key to Entrances and Exit Points*.

	Geata
Geata na gcoisithe (in aice an choimeádáin ghoirm) *Pedestrian gate – near blue container*	**1**
Geata charr chlós na Foirne *Staff car park gate*	**2**
Geata Singil *Single Gate*	**3**
Geata na Rothar *Gate near Bikes*	**4**
Carr chlós an tSéipéil *Church Car Park*	**5**

Tús agus Deireadh an Lae Scoile *Beginning and end of the School Day*.

- **8.35-8.45 :** Páistí i mBolgán A nach bhfuil siblíní acu i mBolgán B
  Children in Bubble A who do not have siblings in Bubble B

- **8.45-8.50** *:* Siblíní sa dá bholgán
  Siblings in both Bubbles

- **8.50-9.00 :** Páistí i mBolgán B nach bhfuil siblíní acu i mBolgán A
  Children in Bubble B who do not have siblings in Bubble A

Chun scuainí a sheachaint iarrtar ar dhaoine cloí leis na hamanna thus luaite.
To avoid queues forming we ask everyone to stick to the above time slots

Rang	Geata ar Maidin	Ag dul abhaile	Am dul abhaile
Naíonáin Shóisearacha *Junior Infants*	5 nó 4	Clós Gorm	1.10
		Clós Gorm	1.10
Naíonáin Shinsearacha *Senior Infants*	5 nó 4	Clós Gorm	1.20
		Clós Gorm	1.20
Rang 1	1 nó 5	Clós Glas	2.30
		Clós Glas	2.30
Rang 2	3 nó 5	Clós Gorm	2.30
		Clós Gorm	2.30
Rang 3	4 nó 5	Geata 4/5	2.30
		Geata 4/5	2.30
Rang 4	4 nó 5	Geata 4/5	2.30
		Geata 4/5	2.30
Rang 5	1 nó 5	Geata 1/5	2.15
		Geata 1/5	2.15
Rang 6	1 nó 5	Geata 1/5	2.15
		Geata 1/5	2.15

Úsáidfidh gach páiste a thagann ar scoil ar rothar nó scútar Geata 4.
Iarrtar ar na páistí tuirling dá rothair/scútair agus siúl isteach an geata.
All children who come to school on bikes or scooters will enter and exit via Geata 4.
Children are reminded to dismount their bicycles/ scooters and walk in the gate.

- Ní bheidh cead isteach ar shuíomh na scoile ar maidin ag aon duine fásta ach amháin foireann na scoile.
  No adults, other than staff members, should enter the school grounds.

- Is féidir teachtaireacht a chur chuig an múinteoir ranga ach glaoch ar oifig na scoile 01-6242061 nó ríomhphost a sheoladh chuig oifig@scoiluidhalaigh.ie nó chuig seoladh ríomhphoist scoile an oide ranga
  Messages for teachers can be sent by phoning the school office 01 6242061, sending an email to oifig@scoiluidhalaigh.ie or to the class teacher's school email address.

- De réir chomhairle na Roinne molaimid do pháistí siúl nó rothaíocht ar scoil más féidir leo.
  As per Department advice- we encourage as many pupils as possible to walk/cycle to school.

- Tá sé an-tábhachtach go mbeadh a fhios ag tuismitheoirí agus feighlithe leanaí cén geata a n-úsáidfidh a bpáistí agus iad ag fágáil na scoile ag deireadh an lae.
  At 2:30pm- parents and childminders must be aware as to what gate their child will exit from the school.

- Úsáidtear Geata 5 amháin chun páistí sna bunranganna (Naíonáin – Rang 2) á mbailiú ag deireadh an lae.
  Gate 5 is the only gate to be used when collecting children from the junior classes (Infants – 2nd Class) at the end of the school day.

- Ag 2.30 is féidir le páistí i ranganna 3-6 a bhfuil siblíní acu i ranganna 1+2 siúl chuig an clós cuí má tá siad ag dul abhaile leo. **Ní cóir go rachadh páiste ar bith eile ó na Ranganna sin isteach ar na clóis i gcás ar bith**
  At 2:30pm- siblings of children in Rang1 and Rang 2 may walk to relevant yard to be collected along with their siblings. ***Children without siblings in these classes are not to enter these yards under any circumstances***

- Ní mór páistí a bhailiú go pras ag deireadh an lae agus imeacht ón áit láithreach.
  Children should be collected promptly at the end of the school day and patrons should vacate the area immediately.

Páistí á mbailiú le linn an Lae Scoile
Collection of Children during the School Day.

Má tá páiste le bailiú ag duine fásta le linn an lae beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:
If an adult must collect a child during the course of the school day, the following arrangements will apply:

- Nuair a shroichfidh an duine fásta Geata 2 ní mór dó/di an gléas idirchumarsáide a úsáid le tabhairt le fios go bhfuil sé/sí tagtha
  When the adult arrives at Geata 2, they should use the intercom at the front door of the school to alert the office that they have arrived.

- Baileoidh ball foirne an páiste ón rang agus tiocfaidh siad chuig an doras.
  The child will be brought from their class to the adult by a member of staff.

- Coinneofar taifead ar imeacht an pháiste agus cé a bhailigh é /í
  A record will be kept of the child leaving the school and the name of the person who collected him/her.

- Níl duine fásta ar bith le teacht isteach i bhfoirgneamh na scoile gan cead.
  No adult should enter the school building, unless invited to do so.

Páistí nár cóir dóibh freastal ar scoil. *Children who should not attend school.*

If your child is in one of the following categories, they should not attend school:

- Páistí a ndearnadh diagnóis Covid 19 deimhnithe orthu.
  Children who have been diagnosed with Covid-19.

- Páistí aithinte ag an FSS mar ghartheagmhalaí de dhuine a bhfuil Covid 19 air/uirthi
  Children who have identified by the HSE as a close contact of a person who has been diagnosed with Covid-19.

- Páistí a ndearnadh diagnóis amhrasta Covid 19 orthu agus atá ag fanacht ar thorthaí tástála.
  Children who have a suspected case of Covid-19 and the outcome of the test is pending.

- Páistí a bhfuil fadhbanna sláinte acu agus a bhfuil molta ag gairmí sláinte dóibh gan freastal ar scoil
  Children with underlying health conditions who have been directed by a medical professional not to attend school.

- Páistí a moladh dóibh gan freastal ar scoil de réir treoracha na Roinne Gnóthaí Eachtracha
  Children who have been advised not to attend school following guidance from the Department of Foreign Affairs

- Páistí nach bhfuil ar fónamh nó a bhfuil comhartha tinnis ar bith orthu
  Children who are generally unwell.

- Páistí tuismitheoir ar bith nár chomhlánaigh an Fhoirm Dearbhaithe Sláinte ar Aladdin Connect i ndiaidh aon asláithreacht nó briseadh ón scoil
  Children whose parents have not completed the Return to School Health Form on Aladdin Connect following any absence.

Fearas Pearsanta *Personal Equipment*.

- Iarrtar ar pháistí Ranganna 1-6 a gcás pinn luaidhe féin a bheith acu ar scoil, ina mbeidh pinn, pinn luaidhe, dathanna, scriosáin srl . Ní bheidh aon fhearas pearsanta á roinnt ag na páistí lena chéile. Fágfar an fearas seo ar scoil agus beidh fearas eile ag teastáil sa bhaile.
  It is requested that children from 1st to 6th Class will bring their own pens, pencils, colours, rubbers, etc., to school in their own pencil case to avoid the sharing of equipment.
  This equipment will be left in school. Another set of this equipment will be required at home
- Ní mór ainm an pháiste a bheith ar gach píosa fearais, éide scoil agus cótaí san áireamh.
  All equipment including uniform and coats should have the child's name on them for ease of identification.

- Cuirfidh an scoil coimeádán ina mbeidh pinn luaidhe, criáin srl an pháiste ar fáil sna ranganna Naíonán. Beidh ainm an pháiste air.
  For children in Junior and Senior Infants, the school will provide a pouch or container which will hold each child's pencils, crayons, etc., and which will be labelled with their name.

- Ní mór do thuismitheoirí a chinntiú go ndéantar clúdaigh leabhar agus cóipleabhar, boscaí lóin, buidéil a dhíghalrú sula gcuirtear sna málaí scoil iad.
  Parents must ensure books, copies, lunchboxes and water bottles are sanitised using alcohol wipes before being placed in child's school bag.

Tacaíochta Foghlama *Learning Support.*

De réir ár bPolasaí Oideachais Speisialta bainfear leas as cur chuige cumaisc chun tacaíocht a a thabhairt – tacaíocht in-ranga agus taobh amuigh den rang.
In keeping with our Special Education policy, learning support will be provided by a blended approach of in-class support and withdrawal..

- Sa chás go mbeidh oide Oideachais Speisialta ag obair i seomra ranga leis an Oide Ranga beidh an bheirt acu airdeallach ar scaradh sóisialta
  Where a support teacher is working alongside a class teacher in a classroom, both teachers must be mindful of maintaining social distance from one another.

- Sa chás go mbeidh tacaíocht á fáil ag páistí Ranganna 3-6 san seomraí oideachais speisialta cloífear le treoracha maidir le scaradh fisiciúil idir na páistí sa ghrúpa
  Where children from 3rd to 6th Class receive support in one of the SET rooms, social distancing will be maintained between each child in the group.

- Déanfar na boird agus na cathaoireacha sna seomraí oideachais speisialta a dhíghalrú idir na grúpaí éagsúla.
  The tables and chairs in SET rooms will be wiped clean in between different groups attending.

Foghlaim pháistí nach bhfuil ar a gcumas freastal ar scoil a thacú
Supporting the Learning of Children who cannot attend school.

Sa chás inar mhol dochtúir do pháiste gan freastal ar scoil ar feadh tréimhse fhada molfaidh an t-oide ranga (agus/nó oide oideachais speisialta más cuí) gníomhaíochtaí éagsúla chun tacú le foghlaim an pháiste
If a child has been advised by their doctor not to attend school for an extended period of time, the class teacher (and/or the learning support teacher, where relevant) will suggest activities to support the child's learning at home.

Asláithreacht Mhúinteora agus Ionadaíocht
Teacher Absence and Substitution.

Sa chás nach mbeidh ar chumas mhúinteora teacht ar scoil, déanfar gach iarracht ionadaí a fháil don rang. Muna mbeidh aon ionadaí ar fáil, ní féidir anois an rang a roinnt agus grúpaí a chur go seomraí ranga eile. I gcásanna eisceachtúla ní bheidh an rang in ann freastal ar scoil an lá sin. Sa chás sin déanfar iarracht an méid foláirimh agus is féidir a thabhairt do thuismitheoirí.
In the event that teacher is unable to attend school, every effort will be made to secure a substitute teacher for the class. If a substitute teacher is not available, it is not appropriate for the class to be divided into groups and accommodated in other classes. In extreme circumstances, it may not be possible for the class to attend on that day. If that is the case, as much notice as possible will be given to parents.

Déileáil le cás amhrasta Covid 19 *Dealing with a suspected case of Covid-19*.

Ní mór do bhaill foirne nó daltaí fanacht sa bhaile agus iad ag taispeáint **comhartha ar bith** do COVID-19
*Staff Pupils should not attend school if displaying **any symptoms** of Covid-19*.

Dá mbeadh comharthaí COVID-19 ar bith á dtaispeáint ag ball foirne/dalta agus iad ar scoil, leanfar na nósanna imeachta seo a leanas :

If a staff member/pupil displays any symptoms of Covid-19 while in the building, the following procedures will be implemented:

- Rachfar i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste gan mhoill.
  Parents/guardians of the child will be contacted immediately.

- Déanfar an duine a leithlisiú.
  The person will be isolated.

- Má tá an páiste in ann dul abhaile, déanfar socrú go mbaileodh ball clainne an páiste chomh luath agus is féidir agus tabharfar comhairle dóibh a gcuid comharthaí a chur in iúl dá dhochtúir ar an bhfón. Ní mór iompar poiblí a sheachaint.
  If the child is well enough to go home, the school will arrange for them to be transported home by a family member, as soon as possible, and advise them to inform their GP by phone of their symptoms. Public transport of any kind should not be used.

- Má tá an páiste ró-thinn chun dul abhaile nó má tá comhairle breise ag teastáil, cuirfear glaoch ar 999 nó 112 agus cuirfear in iúl gur cás amhrasta COVID-19 é/í an duine tinn.
  If the child is too unwell to go home or advice is required, the school will contact 999 or 112 and inform them that the sick child is a Covid-19 suspect.

- Socrófar go ndéanfar an limistéar leithlisithe agus oibre atá i gceist a ghlanadh mar is cuí.
  Arrangements will be made for appropriate cleaning of the isolation area and work areas involved.

Cás Covid 19 deimhnithe nó amhrasta i rang

Suspected or Confirmed Case of Covid-19 in a Class

Má atá cás amhrasta nó deimhnithe de COVID-19 i measc fhoireann nó scoláirí na scoile, ní mór go gcosnódh an scoil rúndacht na foirne agus na scoláirí i gcónaí. **Leanfar Treoir Sláinte Poiblí FSS**
*If there is a suspected or confirmed case of COVID-19 amongst school staff or pupils, the school needs to maintain both staff and pupil confidentiality at all times .I**nstructions of HSE Public Health will be followed.***

Déanfaidh Sláinte Phoiblí FSS na nithe seo a leanas:
HSE Public Health will

- Cuirfidh siad aon bhaill foirne/tuismitheoirí nó scoláirí a raibh dlúth-theagmháil acu leis an gcás atá diagnóisithe ar an eolas tríd an bpróiseas um rianú teagmhálaithe;
  Inform any staff/parents or students who come into close contact with a diagnosed case via the contact tracing process;

- Rachaidh siad i dteagmháil leis na daoine ábhartha go léir más rud é go ndéantar COVID-19 a dhiagnóisiú;
  Contact all relevant persons where a diagnosis of COVID-19 is made;

- Tabharfaidh siad treoir, cás ar chás, maidir leis an ngníomh cuí ba cheart a dhéanamh maidir le feidhmiú na scoile.
  Advise on the appropriate action, on a case-by-case basis, that should be taken vis-à-vis the operation of the school.

Is doiciméad beo atá an-tábhachtach é seo agus déanfar é a oiriúnú thar thréimhse ama chun comhthéacs COVID-19 a léiriú agus an comhthéacs sin ag athrú.

This is a very important living document which will be adapted over time to reflect the evolving COVID-19 context.